Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2025
(OR. en)

15649/25

LIMITE

ANTIDISCRIM 112
COCON 71
COHOM 171
COPEN 356
DROIPEN 143
EDUC 459
FREMP 344
JAI 1724
MIGR 436
SOC 790

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, ag an 19ú cruinniú a bheidh aige, i dtaca leis na moltaí agus na conclúidí atá dírithe chuig Páirtithe áirithe maidir leis na Stáit sin an Coinbhinsiún sin a chur chun feidhme, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riaracháin poiblí an Aontais |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, ag an 19ú cruinniú a bheidh aige, i dtaca leis na moltaí agus na conclúidí atá dírithe chuig Páirtithe áirithe maidir leis na Stáit sin an Coinbhinsiún sin a chur chun feidhme, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 336 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas Eorpach Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (‘an Coinbhinsiún’) i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2023/1075[1] ón gComhairle i ndáil le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais, agus trí bhíthin Chinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle[2] i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le *non-refoulement*, a mhéid a thagann na hábhair sin faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm i leith an Aontais an 1 Deireadh Fómhair 2023.

(2) De bhun Airteagal 66(1) den Choinbhinsiún, tá an Grúpa Saineolaithe um ghníomhaíocht in aghaidh foréigean ar mhná agus foréigean baile (‘GREVIO’) le faireachán ar na Páirtithe sa Choinbhinsiún (‘na Páirtithe’) an Coinbhinsiún a chur chun feidhme. I gcomhréir le hAirteagal 68(11) den Choinbhinsiún, tá GREVIO lena thuarascáil agus a chonclúidí a ghlacadh a bhaineann leis na bearta arna ndéanamh ag an bPáirtí lena mbaineann chun forálacha an Choinbhinsiúin a chur chun feidhme.

---

1 Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais (IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1075/oj).

2 Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus le tearmann agus *non-refoulement* (IO L 143 I, 2.6.2023, lch 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1076/oj).



PUBLIC

(3) Tá Coiste na bPáirtithe (‘an Coiste’) in ann moltaí atá dírithe chuig an bPáirtí lena mbaineann a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 68(12) den Choinbhinsiún, ar bhonn thuarascáil agus chonclúidí GREVIO. Tá na moltaí sin le hidirdhealú a dhéanamh idir bearta atá le déanamh a luaithe is féidir, agus ceanglas ann tuairisc a thabhairt don Choiste laistigh de thréimhse 3 bliana, agus bearta nach mbaineann an leibhéal céanna neasachta leo, cé go bhfuil siad tábhachtach. Ag deireadh na tréimhse 3 bliana sin, tá an Páirtí lena mbaineann le tuairisc a thabhairt don Choiste maidir leis na gníomhartha a rinneadh, i 10 réimse shonracha den Choinbhinsiún. Ar bhonn na tuarascála sin agus ar bhonn aon fhaisnéis bhreise, tá an Coiste le conclúidí a ghlacadh maidir le cur chun feidhme na moltaí sin, arna n-ullmhú ag rúnaíocht an Choiste.

(4) De bhun Airteagal 68(3) den Choinbhinsiún, tá na nósanna imeachta meastóireachta tar éis nós imeachta na chéad mheastóireachta bonnlíne ag GREVIO le roinnt ina mbabhtaí (‘na babhtaí meastóireachta téamaí’). Is é an teideal atá ar an gcéad bhabhta meastóireachta téamaí ‘Muinín a Chothú trí Thacaíocht, Cosaint agus Ceartas a Sholáthar’ agus tugtar aghaidh ann ar 20 airteagal den Choinbhinsiún, mar atá Airteagail 3, 7, 8, 11, 12, 14, 15, 16, 18, 20, 22, 25, 31, 48, 49, 50, 51, 52, 53 agus 56. Ag an 17ú cruinniú a bhí ag an gCoiste an 17 Nollaig 2024, ghlac an Coiste cinneadh maidir leis na moltaí atá le glacadh ag an gCoiste i bhfianaise na dtuarascálacha ó GREVIO a glacadh mar chuid den chéad bhabhta meastóireachta téamaí atá i ndoiciméad IC-CP(2024)10 rev.

PUBLIC

(5) Tá coinne leis go nglacfaidh an Coiste, le linn an 19ú cruinniú a bheidh aige an 11 Nollaig 2025, na dréachtmholtaí seo a leanas (ceann amháin bunaithe ar an mbabhta meastóireachta bonnlíne agus seacht gcinn bunaithe ar an gcéad bhabhta meastóireachta téamaí) agus na dréachtchonclúidí, maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ag naoi bPáirtí ('na dréachtmholtaí' agus 'na dréachtchonclúidí', faoi seach, agus go comhpháirteach 'na gníomhartha atá beartaithe'):

– Moladh maidir le cur chun feidhme Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Ríocht Aontaithe, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)22prov;

– Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag Andóra, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)23prov;

– Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an mBeilg, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)24revprov;

– Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an bhFrainc, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)25prov;

– Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Iodáil, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)26prov;

PUBLIC

- Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Ísiltír, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)27prov;

- Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an bPortaingéil, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)28prov;

- Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an tSeirbia, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)29prov; agus

- Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith na Polainne arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe, agus atá i ndoiciméad IC-CP(2025)30prov.

PUBLIC

(6) Tá inniúlacht eisiach ag an Aontas glacadh le hoibleagáidí a leagtar amach sa Choinbhinsiún i ndáil lena institiúidí agus lena riarachán poiblí féin, faoi raon feidhme Airteagal 336 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I mír 305 de Thuairim 1/19 uaithi an 6 Deireadh Fómhair 2021[3], dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('an Chúirt Bhreithiúnais') go bhfuil cuid shuntasach d'oibleagáidí mar a leagtar amach sa Choinbhinsiúin a bhaineann le bearta coisctheacha agus cosanta a ghlacadh ina gceangal ar an Aontas, go bunúsach, a mhéid a bhaineann leis an bhfoireann ina riarachán agus a mhéid a bhaineann le baill den phobal a thugann cuairt ar áitribh agus ar fhoirgnimh a institiúidí, a ghníomhaireachtaí agus a chomhlachtaí. Thairis sin, i mír 307 den Tuairim chéanna, chinn an Chúirt Bhreithiúnais nár cheart don Aontas é féin a theorannú do cheanglais ná do bhearta tacaíochta íosta a bhunú, ach gur cheart dó féin a áirithiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí sin ina n-iomláine. An tráth céanna, ba cheart raon oibleagáidí an Aontais a léirmhíniú agus aird á tabhairt ar a chineál sonrach agus ar a chumhachtaí sonracha. Go háirithe, ós rud é nach dtugtar cumhachtaí forfheidhmithe dlí do riarachán poiblí an Aontais, ba cheart moltaí a bhaineann le hábhair a bhaineann le forfheidhmiú an dlí, amhail saincheist na n-orduithe urchoisc éigeandála, a léirmhíniú mar mholtaí lena gceanglaítear ar an Aontas sábháilteacht na n-íospartach a áirithiú taobh istigh de theorainneacha a chumhachtaí, mar shampla trí rochtain ar áitreabh a institiúidí a dhiúltú do dhéantóirí líomhnaithe.

PUBLIC

---

[3] Tuairim 1/19 ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Coinbhinsiún Iostanbúl*, EU:C:2021:832.

(7) Baineann na gníomhartha atá beartaithe le cur chun feidhme fhorálacha an Choinbhinsiúin a bhfuil feidhm acu i ndáil leis an Aontas i dtaca lena institiúidí féin agus lena riarachán poiblí féin. Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais a bhunú, ós rud é go bhféadfadh na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach a bheith acu ar inneachar dhlí an Aontais a mhéid a d'fhéadfaidís difear a dhéanamh do léirmhíniú fhorálacha ábhartha an Choinbhinsiúin amach anseo.

PUBLIC

(8) A mhéid a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuimsítear sa dréachtmholadh an gá atá leis an méid seo a leanas: acmhainní airgeadais iomchuí agus inbhuanaithe a áirithiú do na beartais uile atá dírithe ar fhoréigean in aghaidh na mban a chomhrac agus ar chistiú inbhuanaithe a áirithiú d'eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta (Airteagal 8 den Choinbhinsiún); an sainordú, an inniúlacht agus acmhainní is gá a thabhairt do na comhlachtaí comhordúcháin náisiúnta agus comhordú agus cur chun feidhme beartas agus beart a áirithiú chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac agus chun a áirithiú go ndéanfar faireachán agus meastóireacht neamhspleách ar na beartais agus na bearta sin, agus iad tacaithe le sonraí ábhartha (Airteagal 10 den Choinbhinsiún); córais bailithe sonraí a chomhchuibhiú agus bailiú córasach sonraí imdhealaithe maidir le foréigean in aghaidh na mban a áirithiú (Airteagal 11 den Choinbhinsiún); oiliúint a áirithiú le haghaidh gairmithe ábhartha maidir le conas freagairt leordhóthanach a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh na mban (Airteagal 15 den Choinbhinsiún); deireadh a chur le bacainní ar rochtain a fháil ar sheirbhísí tacaíochta ginearálta (Airteagal 20 den Choinbhinsiún); rochtain ar shainseirbhísí tacaíochta agus ar dhídean a áirithiú d'íospartaigh uile an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh (Airteagail 22 agus 23 den Choinbhinsiún); íospairt thánaisteach a laghdú, trína áirithiú go láimhseáiltear cásanna go héifeachtúil gan mhoill (Airteagal 50 den Choinbhinsiún); agus a áirithiú go n-úsáidfear orduithe urchoisc éigeandála (Airteagal 52 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil an dréachtmholadh i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais agus nach bhfuil aon ábhar imní ann maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a ghlactha.

PUBLIC

(9) A mhéid a bhaineann le hAndóra, cuimsítear sna dréachtmholtaí an gá atá leis an méid seo a leanas: straitéis chuimsitheach fhadtéarmach a fhorbairt chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún a chosc agus a chomhrac; a áirithiú go mbeidh eagraíochtaí um chearta na mban rannpháirteach go hiomlán i gceapadh beartas agus measúnú rialta a dhéanamh ar na beartais sin ar bhonn táscairí mionsonraithe (Airteagal 7 den Choinbhinsiún); feabhas a chur ar shoiléireacht na mbuiséad le haghaidh gníomhaíochtaí chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, leanúint de na hiarrachtaí chun na buiséid sin a mhéadú i gcás inar gá agus chun a áirithiú go dtabharfar fóirdheontais leordhóthanacha agus am leordhóthanach d'eagraíochtaí neamhrialtasacha um chearta na mban chun gníomhaíochtaí a chuirtear de chúram orthu a dhéanamh (Airteagal 8 den Choinbhinsiún); leanúint de shíneadh a chur le bailiú sonraí imdhealaithe maidir le gach cineál foréigin a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún (Airteagal 11 den Choinbhinsiún); feachtais choisc a leathnú chun gach cineál foréigin a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún a chumhdach agus measúnú rialta a dhéanamh ar a dtionchar (Airteagal 12 den Choinbhinsiún); acmhainní daonna leordhóthanacha agus cáilíochtaí leordhóthanacha a áirithiú le haghaidh gairmithe atá ag obair ar chlár do dhéantóirí coire, íoschaighdeáin a cheapadh agus clár sonrach a thabhairt isteach le haghaidh dhéantóirí an fhoréigin ghnéasaigh (Airteagal 16 den Choinbhinsiún); a áirithiú go bhfreastalóidh sainseirbhísí tacaíochta ar riachtanais íospartach (Airteagal 22 den Choinbhinsiún); bearta a dhéanamh chun a ráthú go ndéanfaidh na páirtithe leasmhara uile measúnú riosca ar gach cineál foréigin a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún agus é na bearta sin a dhéanamh arís go rialta (Airteagal 51 den Choinbhinsiún); a áirithiú gur féidir orduithe urchoisc éigeandála a eisiúint gan mhoill i gcás ina bhfuil contúirt láithreach ann agus creat dlíthiúil soiléir a bhunú lena ráthaítear bainistiú cuí orduithe urchoisc éigeandála (Airteagal 52 den Choinbhinsiún); agus a áirithiú gur féidir le híospartaigh gach cineáil foréigin a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún tairbhiú d'orduithe cosanta agus go ngearrfar pionós i gcás sáruithe (Airteagal 53). Ós rud é go bhfuil na dréachtmholtaí sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais agus nach bhfuil aon ábhar imní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglacadh.

(10) A mhéid a bhaineann leis an mBeilg, cuimsítear sna dréachtmholtaí an gá atá leis an méid seo a leanas: comhsheasmhacht níos fearr idir beartais agus bearta a áirithiú i ndáil le foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac idir leibhéil éagsúla na n-údarás sa tír (Airteagal 7 den Choinbhinsiún); a áirithiú go ndéanfar na sonraí a bhailítear a imdhealú agus bailiú sonraí a chomhchuibhiú (Airteagal 11 den Choinbhinsiún); cur chun feidhme praiticiúil an cheanglais a áirithiú maidir le heolas a thabhairt ar na prionsabail a liostaítear in Airteagal 14 den Choinbhinsiún ar gach leibhéal oideachais (Airteagal 14 den Choinbhinsiún); oiliúint tosaigh agus inseirbhíse a thabhairt isteach le haghaidh gach gairmí ábhartha, agus caighdeáin cháilíochta le haghaidh cúrsaí oiliúna a ghlacadh agus a scaipeadh (Airteagal 15 den Choinbhinsiún); dlús a chur leis an tacaíocht do théarnamh agus do neamhspleáchas eacnamaíoch na n-íospartach foréigin ar mná iad trí bhearta ábhartha agus conairí cúraim caighdeánaithe a chur chun feidhme in earnáil an chúraim sláinte chun a áirithiú go sainaithneofar íospartaigh agus go ndéanfar iad a chur ar aghaidh chuig sainseirbhísí tacaíochta iomchuí (Airteagal 20 den Choinbhinsiún); rochtain ar ionaid dídine a áirithiú agus líne chabhrach a chur ar bun a fheidhmeoidh mar phointe teagmhála aonair (Airteagal 22 den Choinbhinsiún); láimhseáil éifeachtúil cásanna, tuiscint inscnebhunaithe agus íospartach-lárnach ar fhoréigean in aghaidh na mban a áirithiú; a áirithiú go mbeidh coimircí éifeachtacha i bhfeidhm chun úsáid mhíchuí na hidirghabhála a chosc agus chun smachtbhannaí cuí leordhóthanacha a áirithiú (Airteagail 49 agus 50 den Choinbhinsiún); a áirithiú go mbeidh orduithe urchoisc, cosanta agus srianta éigeandála ar fáil agus inrochtana do gach íospartach (Airteagail 52 agus 53 den Choinbhinsiún); agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart cosanta atá ann cheana agus a áirithiú go gcuirfear na bearta uile atá i bhfeidhm chun feidhme sa chleachtas d'íospartaigh gach cineáil foréigin a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún (Airteagal 56 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na dréachtmholtaí sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais agus nach bhfuil aon ábhar imní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglacadh.

PUBLIC

(11) A mhéid a bhaineann leis an bhFrainc, cuimsítear sna dréachtmholtaí an gá atá leis an méid seo a leanas: straitéis uileghabhálach fhadtéarmach a fhorbairt chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún a chosc agus a chomhrac, a áirithiú go leithdháilfear acmhainní leordhóthanacha ar an gcomhlacht a chomhordaíonn na beartais chun foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac, a áirithiú go mbeidh comhlachais um chearta na mban rannpháirteach go hiomlán i gceapadh beartas agus measúnú rialta a dhéanamh ar na beartais sin ar bhonn táscairí réamhshainithe (Airteagal 7 den Choinbhinsiún); leanúint de na hiarrachtaí chun cistiú leordhóthanach a áirithiú do bheartais chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac, feabhas a chur ar shoiléireacht na mbuiséad a leithdháiltear ar na beartais sin agus a áirithiú go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha agus cobhsaí ag eagraíochtaí um chearta na mban chun a gcuid oibre a dhéanamh (Airteagal 8 den Choinbhinsiún); dí-chomhiomlánú sonraí a áirithiú agus bailiú sonraí a bhunú maidir leis an líon ban agus cailíní a lorgaíonn cabhair ó sheirbhísí cúraim sláinte (Airteagal 11 den Choinbhinsiún); feabhas a chur ar iarrachtaí agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeart i réimse an choisc phríomhúil (Airteagal 12 den Choinbhinsiún); a áirithiú go mbeidh rochtain ag daltaí ar oideachas maidir leis na hábhair a leagtar amach in Airteagal 14 den Choinbhinsiún (Airteagal 14 den Choinbhinsiún); a áirithiú go bhfaighidh gach gairmí a bhíonn i dteagmháil le híospartaigh agus le déantóirí na coire oiliúint maidir le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus go ndéanfar measúnú ar an oiliúint sin (Airteagal 15 den Choinbhinsiún); íoschaighdeáin a ghlacadh agus a chur chun feidhme maidir le cláir do dhéantóirí foréigin agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na gclár sin (Airteagal 16 den Choinbhinsiún); a áirithiú go gcuirfear comhlachtaí comhordúcháin ar bun ar fud na tíre agus go mbeidh na comhlachtaí uile lena mbaineann rannpháirteach sna saoráidí nua ionaid ilfhreastail a chuirfear ar bun chun tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh ar mná iad (Airteagal 18 den Choinbhinsiún); a áirithiú go mbeidh rochtain ag íospartaigh uile foréigin ar mná iad ar scrúdú fóiréinseach agus bearta breise a dhéanamh chun foréigean in aghaidh na mban faoi mhíchumas a chosc agus a chomhrac (Airteagal 20 den Choinbhinsiún);

PUBLIC

a áirithiú go mbeidh saintacaíocht ar fáil ar fud na tíre, lena n-áirítear d'íospartaigh foréigin ar mná iad agus dá leanaí atá ina gcónaí in ionaid dídine, agus a áirithiú go bhfreagróidh na seirbhísí sin do ghné dhigiteach an fhoréigin in aghaidh na mban (Airteagal 22 den Choinbhinsiún); cúram leighis, tacaíocht tráma, scrúduithe fóiréinseacha agus cúnamh síceolaíoch a sholáthar d'íospartaigh foréigin ghnéasaigh (Airteagal 25 den Choinbhinsiún); neartú a dhéanamh ar na bearta a dhéantar chun íospartaigh gach cineáil foréigin ar mná iad a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún a spreagadh chun an foréigean sin a thuairisciú agus chun seirbhísí fáiltithe agus tacaíochta iomchuí a áirithiú, agus leanúint de na hiarrachtaí chun freagairt bhreithiúnach chuí ar gach cineál foréigin in aghaidh na mban a áirithiú (Airteagail 49 agus 50 den Choinbhinsiún); a áirithiú go ndéanfar measúnuithe riosca go córasach i ngach cás foréigin in aghaidh na mban (Airteagal 51 den Choinbhinsiún); úsáid níos mó a bhaint as orduithe cosanta agus a áirithiú go ngearrfar pionós i gcás sáruithe (Airteagal 53 den Choinbhinsiún); agus teorainn a chur leis an íospairt thánaisteach ar féidir íospartaigh foréigin ar mná iad a bheith thíos léi le linn imeachtaí (Airteagal 56 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na dréachtmholtaí sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais agus nach bhfuil aon ábhar imní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglacadh.

PUBLIC

(12) A mhéid a bhaineann leis an Iodáil, cuimsítear sna dréachtmholtaí an gá atá leis an méid seo a leanas: a áirithiú go dtabharfar aghaidh i bplean gníomhaíochta náisiúnta na hIodáile maidir le foréigean in aghaidh na mban ar gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus go dtacófar leis le hamlíne, acmhainní airgeadais agus táscairí chun dul chun cinn a thomhas, comhairliúchán éifeachtach leis an tsochaí shibhialta a áirithiú agus comhordú níos fearr a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeartas ábhartha (Airteagal 7 den Choinbhinsiún); cistiú inbhuanaithe agus fadtéarmach a áirithiú le haghaidh na mbeartas agus na mbeart uile a bhfuil sé d'aidhm acu foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac, agus línte buiséid agus cistiúcháin ar leithligh á n-áirithiú an tráth céanna (Airteagal 8 den Choinbhinsiún); bailiú agus dí-chomhiomlánú sonraí ag na páirtithe leasmhara ábhartha uile a áirithiú (Airteagal 11 den Choinbhinsiún); athbhreithniú a dhéanamh ar churaclaim agus ábhair teagaisc d'fhonn deireadh a chur le steiréitíopaí diúltacha maidir le mná agus cailíní (Airteagal 14 den Choinbhinsiún); oiliúint tosaigh agus inseirbhíse a thabhairt isteach le haghaidh gach gairmí ábhartha maidir le gach cineál foréigin in aghaidh na mban (Airteagal 15 den Choinbhinsiún); a áirithiú go mbeidh ionaid dídine agus tacaíocht líne cabhrach ar fáil do gach íospartach (Airteagal 22 den Choinbhinsiún); freagairtí tráthúla, leordhóthanacha agus éifeachtacha a áirithiú ar thuarascálacha a bhaineann le gach cineál foréigin in aghaidh na mban (Airteagail 49 agus 50 den Choinbhinsiún); measúnuithe riosca córasacha a áirithiú le haghaidh íospartaigh gach cineáil foréigin in aghaidh na mban, measúnuithe atá bunaithe ar lámhleabhair agus ar threoirlínte (Airteagal 51 den Choinbhinsiún); agus a áirithiú go n-eiseofar orduithe urchoisc éigeandála nuair is gá agus go ngearrfar pionós i gcás sáruithe (Airteagail 52 agus 53 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na dréachtmholtaí sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais agus nach bhfuil aon ábhar imní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglacadh.

PUBLIC

(13) A mhéid a bhaineann leis an Ísiltír, cuimsítear sna dréachtmholtaí an gá atá leis an méid seo a leanas: a áirithiú go ndéanfar comhordú ar na beartais agus na bearta a dhéantar i ndáil le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac agus go gcumhdófar leo gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún, ról an chomhlachta comhordúcháin a shannadh d'eintitis atá go hiomlán institiúidithe a bhfuil sainorduithe, inniúlachtaí agus acmhainní riachtanacha soiléire acu agus rannpháirtíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha a áirithiú i gceapadh beartas (Airteagal 7 den Choinbhinsiún); cistiú iomchuí agus inbhuanaithe a thabhairt isteach do bheartais agus do bhearta maidir le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus foréigin teaghlaigh, línte buiséid agus línte cistiúcháin ar leithligh a thabhairt isteach atá bunaithe ar phrionsabal an bhuiséadaithe inscne, agus cistiú iomchuí agus inbhuanaithe a áirithiú d'eagraíochtaí um chearta na mban (Airteagal 8 den Choinbhinsiún); catagóirí sonraí a oiriúnú chun sonraí imdhealaithe a bhailiú (Airteagal 11 den Choinbhinsiún); bearta a dhéanamh chun eolas a thabhairt ar na prionsabail uile a liostaítear in Airteagal 14 den Choinbhinsiún (Airteagal 14 den Choinbhinsiún); dlús a chur le hoiliúint i gcás gach gairmí agus, an tráth céanna, leas a bhaint as saineolas eagraíochtaí um chearta na mban (Airteagal 15 den Choinbhinsiún); rochtain ar ionaid dídine a áirithiú do gach íospartach, lena n-áirítear íospartaigh an idirdhealaithe thrasnaigh (Airteagal 22 den Choinbhinsiún); bearta a dhéanamh chun íospartaigh ar mná iad a spreagadh chun tuairisciú a dhéanamh, lena n-áirítear mná atá i mbaol an idirdhealaithe thrasnaigh (Airteagail 49 agus 50 den Choinbhinsiún); a áirithiú go ndéanfar measúnuithe riosca i gcásanna foréigin teaghlaigh agus cineálacha eile foréigin in aghaidh na mban mar chuid de fhreagairt ilghníomhaireachta (Airteagal 51 den Choinbhinsiún); agus a áirithiú gur féidir leis na húdaráis ábhartha orduithe srianta agus urchoisc éigeandála a eisiúint láithreach i gcásanna garchontúirte (Airteagal 52 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na dréachtmholtaí sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais agus nach bhfuil aon ábhar imní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglacadh.

PUBLIC

(14) A mhéid a bhaineann leis an bPortaingéil, cuimsítear sna dréachtmholtaí an gá atá leis an méid seo a leanas: a áirithiú go mbeidh acmhainní airgeadais iomchuí ann chun straitéisí agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta a chur chun feidhme, agus go mbeidh cistiú inbhuanaithe ann d'eagraíochtaí um chearta na mban (Airteagal 8 den Choinbhinsiún); oiliúint maidir le foréigean in aghaidh na mban a áirithiú do gach gairmí a bhíonn i dteagmháil le híospartaigh (Airteagal 15 den Choinbhinsiún); a áirithiú go mbeidh cláir do dhéantóirí foréigin teaghlaigh agus ghnéasaigh ar fáil go leordhóthanach, go nglacfar íoschaighdeáin leo agus go ndéanfar meastóireacht orthu go leanúnach (Airteagal 16 den Choinbhinsiún); freagairt chomhordaithe ilghníomhaireachta atá go hiomlán oibríoch a fhorbairt ar gach cineál foréigin in aghaidh na mban (Airteagal 18 den Choinbhinsiún); líne chabhrach a chur ar bun d'íospartaigh cineálacha éagsúla foréigin ar mná iad, ionaid dídine a áirithiú le haghaidh íospartaigh gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus a áirithiú go mbeidh sainseirbhísí tacaíochta ar fáil (Airteagal 22 den Choinbhinsiún); a áirithiú go ndéanfar cásanna a imscrúdú go héifeachtach, iarrachtaí forbartha cásanna a fheabhsú trí imeacht ó róspleáchas ar ráitis íospartach, agus a áirithiú go mbeidh smachtbhannaí i gcomhréir le tromchúis na coire (Airteagail 49 agus 50 den Choinbhinsiún); agus a áirithiú go n-eiseofar orduithe urchoisc éigeandála go tapa agus le héifeacht láithreach, agus an faireachán ar orduithe cosanta a neartú (Airteagail 52 agus 53 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na dréachtmholtaí sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais agus nach bhfuil aon ábhar imní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglacadh.

PUBLIC

(15) A mhéid a bhaineann leis an tSeirbia, cuimsítear sna dréachtmholtaí an gá atá leis an méid seo a leanas: cur chun feidhme agus faireachán éifeachtach a straitéise ábhartha a áirithiú, agus acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar an gcomhlacht inniúil nó ar na comhlachtaí inniúla atá freagrach as comhordú, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar bheartais agus ar bhearta lena dtugtar aghaidh ar gach cineál foréigin in aghaidh na mban (Airteagal 7 den Choinbhinsiún); acmhainní airgeadais iomchuí agus inbhuanaithe a áirithiú le haghaidh reachtaíochta, beartas agus beart arb é is aidhm dóibh foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear do na hinstitiúidí agus na heintitis atá freagrach as a gcur chun feidhme, chomh maith le buiséadú inscne-fhreagrúil a úsáid chun faireachán éifeachtach ar chaiteachas poiblí a chumasú agus cistiú inbhuanaithe a ráthú d’eagraíochtaí ban a sholáthraíonn saintacaíocht d’íospartaigh trí dheontais fhadtéarmacha a dhámhtar trí nósanna imeachta trédhearcacha soláthair (Airteagal 8 den Choinbhinsiún); a áirithiú go ndéanfar na sonraí a bhailítear a imdhealú de réir tosca ábhartha agus bailiú sonraí a chomhchuibhiú (Airteagal 11 den Choinbhinsiún); bearta coisctheacha rialta a áirithiú a bhfuil sé d’aidhm acu steiréitíopaí inscne a dhíothú agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannas inscne mar bhunchúis leis an bhforéigean in aghaidh na mban, agus feachtais múscailte feasachta a chur chun cinn lena dtugtar aghaidh ar gach cineál foréigin in aghaidh na mban, lena n-áirítear a ngné dhigiteach lena ndírítear ar an tsochaí ina hiomláine (Airteagal 12 den Choinbhinsiún); a áirithiú go gcuirfear oiliúint chórasach tosaigh agus inseirbhíse ar fáil do na gairmithe ábhartha uile (Airteagal 15 den Choinbhinsiún); acmhainní leordhóthanacha a leathnú agus a chur ar fáil do chláir do dhéantóirí foréigin teaghlaigh agus caighdeáin aonfhoirmeacha a ghlacadh (Airteagal 16 den Choinbhinsiún); feabhas a chur ar an rochtain atá ag íospartaigh ar thacaíocht airgeadais, ar thithíocht agus ar fhostaíocht agus scrúduithe fóiréinseacha saor in aisce a áirithiú (Airteagal 20 den Choinbhinsiún); áiteanna dídine a áirithiú do gach íospartach, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil idirdhealú trasnach le sárú acu (Airteagal 22 den Choinbhinsiún); inrochtaineacht ionad atreorúcháin éigeandála um éigniú nó ionad atreorúcháin maidir le foréigean gnéasach a áirithiú, é inrochtana gan beann ar thoilteanas an íospartaigh an choir a thuairisciú (Airteagal 25 den Choinbhinsiún);

PUBLIC

tuairisciú gach cineáil foréigin in aghaidh na mban a spreagadh, bailiú fianaise a neartú agus bearta a dhéanamh chun láimhseáil éifeachtúil cásanna a áirithiú (Airteagail 49 agus 50 den Choinbhinsiún); ról a thabhairt do na hinstitiúidí ábhartha uile sa mheasúnú riosca (Airteagal 51 den Choinbhinsiún); feabhas a chur ar fhaireachán agus ar chomhlíonadh beart cosanta éigeandála agus leathnaithe, agus comhsheasmhacht nós imeachta a áirithiú (Airteagail 52 agus 52 den Choinbhinsiún); agus cur chun feidhme éifeachtach na mbeart cosanta íospartach uile a áirithiú agus ceart na n-íospartach chun bheith curtha ar an eolas go cuí a choimirciú (Airteagal 56 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na dréachtmholtaí sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais agus nach bhfuil aon ábhar imní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglacadh.

PUBLIC

(16) A mhéid a bhaineann leis an bPolainn, cuimsítear sna dréachtchonclúidí an gá atá leis an méid seo a leanas: beartais chuimsitheacha chomhordaithe a fhorbairt chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún a chosc agus a chomhrac, sásraí comhair idirinstitiúideacha idir údaráis a neartú chun rochtain íospartach ar shásraí tacaíochta agus cosanta a áirithiú, agus anailísí comparáideacha neamhspleácha a dhéanamh ar na bearta agus ar na cláir atá ann cheana (Airteagal 7 den Choinbhinsiún); acmhainní airgeadais a mhéadú chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac, a áirithiú go dtabharfar isteach línte buiséid tiomnaithe do bhearta chun foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac, cistiú cothrom cobhsaí a chur ar fáil d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach i gcur chun feidhme na mbeartas ábhartha uile agus san fhaireachán a dhéanfar orthu (Airteagal 8 den Choinbhinsiún); na hacmhainní daonna agus airgeadais is gá a leithdháileadh ar chomhlacht comhordaithe an Choinbhinsiúin (Airteagal 10 den Choinbhinsiún); agus bailiú sonraí imdhealaithe a áirithiú agus bailiú sonraí idir seirbhísí ábhartha a chomhchuibhiú (Airteagal 11 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na dréachtchonclúidí sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais agus nach bhfuil aon ábhar imní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne a nglacadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste na bPáirtithe, arna bhunú faoi Airteagal 67 de Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, ag an 18ú cruinniú a bheidh aige, nach ndéanfar agóid i gcoinne ghlacadh na ngníomhartha seo a leanas:

(1) Moladh maidir le cur chun feidhme Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Ríocht Aontaithe, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)22prov;

(2) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag Andóra, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)23prov;

(3) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an mBeilg, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)24revprov;

(4) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an bhFrainc, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)25prov;

(5) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Iodáil, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)26prov;

(6) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an Ísiltír, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)27prov;

PUBLIC

(7) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an bPortaingéil, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)28prov;

(8) Moltaí maidir le muinín a chothú trí thacaíocht, cosaint agus ceartas a sholáthar ar bhonn Choinbhinsiún Iostanbúl ag an tSeirbia, atá i ndoiciméad IC-CP(2025)29prov; agus

(9) Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith na Polainne arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe, agus atá i ndoiciméad IC-CP(2025)30prov.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC